



An Bhruiséil, 10 Feabhra 2025
(OR. en)

6128/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0027(NLE)**

**COEST 139
POLCOM 26
TELECOM 39**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Feabhra 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 49 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'larscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM (2025) 49 final.

Faoi iamh.: COM(2025) 49 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.2.2025
COM(2025) 49 final

2025/0027 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscú XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála ('an Coiste Trádála') maidir le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh chun Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile ('an Comhaontú') maidir le comhfhogasú rialála a mhodhnú. Bunaithe ar mheasúnuithe agus faireachán rialta de bhun Fhoscríbhinn XVII-6 agus ar an measúnú leanúnach faoi Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú, agus tionchar chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine á chur san áireamh, is é is aidhm do na modhnuithe atá beartaithe (i) raon feidhme *acquis* fánaíochta an Aontais a shoiléiriú, (ii) am breise a thabhairt don Úcráin trí fhoráil de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ a chur chun feidhme go hiomlán, (iii) tráthchlár nua a sholáthar chun Treoir (AE) 2018/1972 a chur chun feidhme ag an Úcráin, (iv) foráil a dhéanamh maidir le cómhálartacht a chur i bhfeidhm maidir le haon mheánmhuirear fánaíochta mórdhíola nua nó ráta foirceanta nua de chuid an Aontais arna shocrú tar éis cinneadh faoi dheireadh maidir le cóir sa mhargadh inmheánach a dheonú le haghaidh fánaíocht don Úcráin, agus (v) leitheadúlacht théacsanna Rialacháin an Aontais a áirithiú maidir leis an ngníomh/na gníomhartha lena n-ionchorpraítear iad i ndlíchóras na hÚcráine, i bhfianaise neamhréireachtaí téacs.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú Comhlachais

Is é is aidhm don Chomhaontú coinníollacha a leagan síos ar mhaithe le caidreamh feabhsaithe eacnamaíoch agus trádála, rud a bheadh ina bhonn le comhtháthú na hÚcráine de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais trí, cuir i gcás, Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála a bhunú mar a shonraítear i dTeideal IV (Trádáil agus nithe a bhaineann le trádáil) den Chomhaontú, agus trí thacú le hiarrachtaí na hÚcráine an t-aistriú chuig geilleagar margaidh feidhmiúil a chur i gcrích trí bhíthin, inter alia, reachtaíocht na hÚcráine a chomhfhogasú de réir a chéile do reachtaíocht an Aontais. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017. Ó shin i leith, d'iarr an Úcráin tuilleadh comhtháthaithe leis an earnáil fánaíochta san Aontas Eorpach, go háirithe trí chóir margaidh inmheánaigh chun críche seirbhísí fánaíochta. Chun cóir margaidh inmheánaigh a dheonú, beidh gá le comhfhogasú d'*acquis* fánaíochta an Aontais agus le hachtachán iomlán agus cur chun feidhme iomlán an *acquis* sin i ndlí na hÚcráine.

2.2. An Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála

De bhun Airteagal 465(4) den Chomhaontú, tabharfar aghaidh ar gach saincheist a bhaineann le Teideal IV (Trádáil agus Nithe a bhaineann le Trádáil) den Chomhaontú sa Choiste Trádála. De réir Airteagal 11 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú, is féidir leis an gCoiste sin cinneadh a dhéanamh Iarscríbhinn XVII a mhodhnú. De bhun Airteagal 465(3), beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe, a ghlacfaidh bearta iomchuí chun na cinntí sin a chur chun feidhme. Glacfaidh an Coiste Trádála a chinntí trí chomhaontú idir na Páirtithe.

¹ Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj>).

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála

Tá an Coiste Trádála le cinneadh a ghlacadh chun Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII maidir le comhfhogasú rialála ('an gníomh atá beartaithe') a mhodhnú.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe Foscríbhinn réamhluaithe Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) raon feidhme *acquis* fánaíochta an Aontais a shoiléiriú, (ii) am breise a thabhairt don Úcráin chun trí fhoráil de Threoir (AE) 2018/1972, cuid de *acquis* fánaíochta an Aontais, a chur chun feidhme go hiomlán, (iii) tráthchlár nua a sholáthar maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2018/1972 ag an Úcráin, (iv) cur i bhfeidhm na cómhálartachta a áirithiú maidir le haon mheánmhúirear fánaíochta mórdhíola nua nó ráta foirceanta nua de chuid an Aontais a shocraítear tar éis cinneadh faoi dheireadh maidir le cóir an mhargaidh inmheánaigh a dheonú don Úcráin le haghaidh fánaíocht, agus (v) leitheadúlacht théacsanna Rialacháin an Aontais a áirithiú maidir leis an ngníomh/na gníomhartha lena n-ionchorpraítear iad i ndlíchóras na hÚcráine, i bhfianaise neamhréireachtaí téacs. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóir chomhfhogasú rialála céimnitheach na hÚcráine do *acquis* an Aontais mar a leagtar síos sa bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú agus in Airteagal 124 den Chomhaontú, a bhaineann go sonrach le comhfhogasú rialála sa chumarsáid leictreonach.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 11 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: 'Féadfaidh an Coiste Trádála a chinneadh forálacha Iarscríbhinn XVII seo a mhodhnú i gcás ina measfaidh sé gur gá sin'. Thairis sin, foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 465(3) den Chomhaontú: 'Beidh cumhacht ag an gCoiste Comhlachais cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo agus i réimsí ina bhfuil cumhachtaí tarmhligthe chuige ag an gComhairle Comhlachais. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe a ghlacfaidh bearta iomchuí chun na cinntí sin a chur chun feidhme. Glacfaidh an Coiste Comhlachais a chinntí trí chomhaontú idir na Páirtithe'.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú leis an gCoiste Trádála an gníomh atá beartaithe a ghlacadh.

Déantar foráil in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú maidir le comhfhogasú rialta idir na Páirtithe i roinnt earnálacha, lena n-áirítear seirbhísí teileachumarsáide. A luaithe a chomhlíonfar an comhfhogasú a leathnaíodh de réir a chéile chuig gach gné de *acquis* an Aontais dá dtagraítear i bhFoscríbhinn XVII-3, d'fhéadfadh comhtháthú na hÚcráine de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais a bheith mar thoradh ar an gcomhfhogasú, trí chóir margaidh inmheánaigh a dheonú go cómhálartach i gcomhréir le hAirteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú. D'iarr an Úcráin go ndéanfaí tuilleadh comhtháthaithe i réimse na fánaíochta. Le Cinneadh 1/2023 ó Choiste Comhlachais AE-an Úcráin i ndáil le Cumraíocht Trádála, comhlánaíodh Foscríbhinn XVII-3 a ghabhann leis an gComhaontú leis na gníomhartha ábhartha a bhaineann le fánaíocht. An 7 Samhain 2024, thug an Úcráin fógra don Aontas gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le *acquis* an Aontais a achtú agus a chur chun feidhme agus d'iarr sí measúnú cuimsitheach. Bunaithe ar mheasúnuithe agus faireachán rialta agus ar an measúnú leanúnach faoi Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú, agus tionchar fhogha leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine á chur san áireamh, is iomchuí oiriúnuithe sonracha áirithe breise a thabhairt isteach ar Chuid A d'Fhoscríbhinn XVII-3 agus am breise a thabhairt don Úcráin chun forálacha áirithe a chur chun feidhme, gan an fhéidearthacht go ndéanfaidh an Coiste Trádála cinneadh faoi dheireadh chun cóir margaidh inmheánaigh a dheonú le haghaidh fánaíochta de bhun Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú a chur siar, chomh

maith le deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh forálacha sonracha áirithe agus tráthchlár nua a shocrú chun Treoir (AE) 2018/1972 a chur chun feidhme.

Ina fhianaise sin, is gá Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) a mhodhnú chun raon feidhme *acquis* fánaíochta an Aontais a shoiléiriú. Maidir le forálacha áirithe de ghníomhartha an Aontais arb é *acquis*² fánaíochta an Aontais é, níl siad ábhartha i ndáil le cinneadh chun cóir margaidh inmheánaigh a dheonú i gcomhair fánaíochta toisc, mar shampla, gur forálacha iad nach mbaineann le fánaíocht, nó toisc go bhfuil oibleagáidí á leagan síos acu go heisiach don Choimisiún Eorpach. Dá bhrí sin, ní mór na forálacha sin a eisiáimh ó raon feidhme an trasuímh i bhfianaise cinnidh faoi dheireadh maidir le cóir an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh fánaíochta. Tá sé tábhachtach a lua, mar gheall ar a raon feidhme infheidhmeachta ginearálta lasmuigh den fho-earnáil fánaíochta, i bhfianaise cinneadh faoi dheireadh maidir le cóir an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh earnáil na teileachumarsáide, go bhfuil téacs iomlán Threoir (AE) 2018/1972 fós ábhartha maidir le trasuí.

Mar gheall ar chúiseanna oibiachtúla a dhéanann difear do chumas na hÚcráine dul faoi phróisis glactha dlí faoi ghnáthchúinsí, is gá am breise a thabhairt don Úcráin trí fhoráil de Threoir (AE) 2018/1972, ar cuid de *acquis* fánaíochta an Aontais iad, a chur chun feidhme ina n-iomláine. Is ann d'Airteagal 7(2), Airteagal 8(1), agus Airteagal 30(6) de Threoir (AE) 2018/1972. Ní bhaineann cur chun feidhme na bhforálacha sin a bheith curtha siar an bonn de na cuspóirí atá á saothrú le cinneadh faoi dheireadh maidir le cóir an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh fánaíochta.

Is gá freisin tráthchlár nua a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2018/1972 ag an Úcráin ó chuaigh an ceann roimhe sin in éag an 31 Nollaig 2024.

Thairis sin, is gá a áirithiú go gcuirfear cómhálartacht i bhfeidhm maidir le meánmhúirear fánaíochta mórdhíola nua nó meánráta foirceanta nua an Aontais arna shocrú tar éis cinneadh faoi dheireadh cóir sa mhargadh inmheánach a dheonú le haghaidh fánaíochta chuig an Úcráin. Is é is aidhm dó sin an cothrom iomaíochta céanna a áirithiú idir an tAontas agus gnóthais atá bunaithe san Úcráin a sholáthraíonn seirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta rialáilte.

Ar deireadh, mar thoradh ar an gcur chuige a ghlac an Úcráin maidir le rialacháin an Aontais a thrasuí agus a chur chun feidhme faoi Chuid A d'Fhoscríbhinn XVII-3, bhí neamhréireachtaí téacs áirithe idir Rialacháin an Aontais agus na gníomhartha lena n-ionchorpraítear iad. Is gá, dá bhrí sin, leitheadúlacht théacsanna Rialachán an Aontais a áirithiú maidir leis an ngníomh/na gníomhartha lena n-ionchorpraítear iad i ndlíchóras na hÚcráine.

Leis an gcinneadh seo cuirtear chun feidhme comhbheartas tráchtála an Aontais i leith tír Chomhpháirtíochta an Oirthir agus i leith tír is iarrthóir, bunaithe ar fhorálacha an Chomhaontaithe

² Treoir (AE) 2018/1972, Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 115, 13.4.2022, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2022/612/oj>), Rialachán (AE) 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC), lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 (IO L 321, 17.12.2018, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2018/1971/oj>), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2016 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an bheartais maidir le húsáid chóir agus maidir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar a inbhuanaithe agus a bheadh sé deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola agus maidir leis an iarratas a bheadh le cur isteach ag soláthraí seirbhísí fánaíochta chun críocha an mheasúnaithe sin (IO L 344, 17.12.2016, lch. 46, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_impl/2016/2286/oj), agus Rialachán Tarmlogthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a leagan síos (IO L 137, 22.4.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2021/654/oj).

Comhlachais thuasluaite. Tá sé comhsheasmhach le cuspóir chomhfhogasú rialála céimnitheach na hÚcráine do *acquis* an Aontais mar a leagtar síos é sa bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú.

4. AN BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') déantar foráil maidir le cinní lena suítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, i gcás ina n-iarrfar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinnititheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'³.

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é an Coiste Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais. Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis atá sa chinneadh a ghlacfaidh an Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 465(3) den Chomhaontú. Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach an Chomhaontaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh ón gComhairle atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a mbeifear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainnaint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí do chomhbheartas tráchtála an Aontais. Go sonrach, sa chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE foráiltear maidir leis an mbunús dlí i dtaca le trádáil i seirbhísí, cé is moite de sheirbhísí iompair, a mhéid a bhaineann le tríú tíortha lena n-áirítear srianta maidir leis na coinníollacha creata rialála le haghaidh na seirbhísí sin a sholáthar.

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le comhbheartas tráchtála an Aontais toisc go mbaineann an gníomh le trádáil i seirbhísí teileachumarsáide leis an Úcráin. Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach maidir leis an gcinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

³ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí maidir leis an gcinneadh ón gComhairle atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Comhaontú le cinneadh ón gCoiste Comhlachais, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlaictha.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus a mBallstáit de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile¹ (“an Comhaontú”) i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.
- (2) De bhun Airteagal 11 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú, féadfaidh an Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú.
- (3) Ba cheart don Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála an gníomh atá beartaithe a ghlacadh maidir le Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) a mhodhnú le linn 2025.
- (4) Mar a luaitear sa bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú agus i gcomhréir le hAirteagal 124 den Chomhaontú, aithníonn na páirtithe sa Chomhaontú a thábhachtaí atá sé reachtaíocht reatha na hÚcráine a chomhfhogasú do reachtaíocht an Aontais, rud a chiallaíonn go n-áiritheoidh an Úcráin go ndéanfar na dlíthe atá ann cheana agus an reachtaíocht a bheidh ann amach anseo a chomhoiriúnú de réir a chéile le *acquis* an Aontais.
- (5) D'iarr an Úcráin tuilleadh comhtháthaithe maidir leis an earnáil fánaíochta san Aontas Eorpach, go háirithe trí chóir margaidh inmheánaigh chun críche seirbhísí fánaíochta.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Cuid A d'Fhoscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú chun oiriúnú d'imthosca nua agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.
- (7) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le raon feidhme *acquis* fánaíochta an Aontais, ba cheart a shonrú cé na forálacha atá ábhartha chun na críche sin. I bhfianaise na ndeacrachtaí ar leith atá os a comhair, mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise, ba cheart am breise a thabhairt don Úcráin chun *acquis* fánaíochta an Aontais a chur chun feidhme ina iomláine, i gcás inarb iomchuí. Mar gheall ar dhul in éag a tráthchláir do Threoir cur chun

¹ IO L 161, 29.5.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2014/295/oj.

feidhme (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², ba cheart tráthchlár nua a chur ar fáil don Úcráin ina leith sin. Chun a áirithiú go gcuirfear cómhalartacht i bhfeidhm maidir le meánmhúirir fánaíochta mhórdhíola nó meánrátaí foirceanta nua an Aontais, ba cheart rialacha sonracha a chur ar fáil. I bhfianaise neamhréireachtaí téacs atá ann cheana, ba cheart leitheadúlacht théacsanna Rialachán an Aontais a áirithiú ar an ngníomh/na gníomhartha lena n-ionchorpraítear iad i ndlíchóras na hÚcráine.

- (8) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a shuí, ós rud é go mbeidh an gníomh atá beartaithe, lena modhnaítear Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú, ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, le linn 2025, sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, maidir le Cuid A d'Fhoscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú, beidh sé bunaithe ar dhréachtChinneadh an Choiste sin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

² Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj>).

RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála ('an Coiste Trádála') a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscríbhinn XVII-3 (Rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí teileachumarsáide) d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An Comhbheartas Tráchtála; seirbhísí teileachumarsáide.

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

- Cur chun feidhme an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála (LDCST) faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile ('an Comhaontú').

- comhfhogasú rialála na hÚcráine de réir a chéile le acquis an Aontais.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh.

- Faoi LDCST agus i bhfianaise thionchar chogadh foghach na Rúise ar chumas na hÚcráine dul faoi phróisis glactha dlí, is é an tionscnamh am breise a thabhairt don Úcráin chun acquis fánaíochta an Aontais a chur chun feidhme ina iomláine, i gcás inarb iomchuí.

- Thairis sin, i bhfianaise roinnt neamhréireachtaí téacs atá ann cheana, ba cheart a áirithiú go mbeidh tús áite ag téacsanna Rialachán an Aontais ar an ngníomh/na gníomhartha lena n-ionchorpraítear iad i ndlíchóras na hÚcráine.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil síil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Comhfhogasú rialála dhlí na hÚcráine sa limistéar fánaíochta.

Ullmhúchán i dtreo chomhtháthú na hÚcráine sa limistéar 'fánaíocht ar tháillí baile'.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Leagtar amach i bhFoscríbhinn XVII-3 modhnaithe an tráthchlár chun comhfhogasú na hÚcráine a chur i gcrích le haghaidh gach gnímh reachtaigh a liostaítear, a fheidhmíonn mar tháscaire chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomhréir leis an gComhaontú.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

- beart nua
- beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart⁶
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Leis an nGníomh, tugtar am breise don Úcráin chun acquis fánaíochta an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán, i gcás inarb iomchuí agus mar a léirítear sa mhodhnú atá beartaithe ar Fhoscríbhinn XVII-3 a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex-ante)

- Cur Chun Feidhme an Chomhbheartais Tráchtála

An breisluch AE a bhfuil coinne leis a ghiniúint (ex post)

- Cur Chun Feidhme an Chomhbheartais Tráchtála

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Níl aon tionchar ag an nGníomh atá beartaithe ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil ná ar bhuiséad an Aontais.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

⁶ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme⁷

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
